

Colaiste Feirste Polasaí Frithbhulaíochta.

Réamhrá

- Is mian le Coláiste Feirste lena Pholasaí Frithbhulaíochta go gcomhlíonfaidh sé a dhualgas reachtúil faoin Ordú Oideachais agus Leabharlann (TÉ) 2003 le dul i ngleic le gach cineál bulaíochta agus le hiad a chosc, ag míniú go soiléir cad is iompar bulaíochta ann.
- Le gach dalta a ullmhú don tsaol agus do scileanna saoránachta.
- Le timpeallacht chuimsitheach a chothú ina dtig le gach dalta a lánacmhainneacht a chomhlíonadh.
- Le cuidiú le héiteas a chruthú sa dóigh is go mbeidh freastal ar scoil ina eispéireas dearfach do gach ball do phobal na scoile.
- Lena dhearbhu nach nglactar le cineál ar bith bulaíochta.
- Le go mothóidh gach duine slán ar scoil agus go mbeidh uchtach ag daltaí insint fá eachtra tromaíochta ar bith.
- Le déileáil go héifeachtach le tromaíocht.
- Le cuidiú agus cosaint a thabhairt do dhaoine a ndéantar tromaíocht orthu agus lena chinntiú go n-éistear leo.
- Le cuidiú agus tacaíocht a thabhairt do bhulaithe lena ndearcthaí agus a n-iompar a athrú agus le go dtuigfidh siad an fáth a gcaithfidh sin athrú.
- Le teagmháil le tuismitheoirí agus baill chúí i bpobal na scoile.
- Lena chinntiú go mothaíonn baill uilig phobal na scoile go bhfuil siad freagrach as cur in aghaidh tromaíochta.

Comhthéacs na Scoile

Is Gaelscoil iarbhunoideachais ilchumais neamhshainchreidmheach chomhoideachais Coláiste Feirste do dhaltaí 11-19 mbliana d'aois. Tá de chuspóir againn an réimse iomlán de dheiseanna curaclaim agus oideachais a chur ar fáil le daoine óga ardoilte féinmhuiníneacha a fhorbairt a mbeidh roghanna sa tsaol acu agus a mbeidh ar a gcumas bheith mar cheannairí i bpobal na Gaeilge.

Tá an Ghaeilge mar dhlúthchuid d'éiteas na scoile. Spreagtar daltaí le bheith féinmhuiníneach agus slán ina bhféiniúlacht agus ina gcultúr féin ach iad eolach agus measúil ar chultúir eile agus ar thraidisiúin eile. Agus iad ag déanamh staidéir ar an réimse leathan d'ábhair atá ar fáil i gColaiste Feirste bíonn faill ag na daltaí s'againn an focalstór ollmhór a bhaineann leis na hábhair sin a fhoghlaim agus a úsáid agus dá thairbhe sin bheith níos líofa sa Ghaeilge agus níos muiníní as a gcuid Gaeilge ná a bheadh siad dá mbeadh siad in áit eile. Tugann Coláiste Feirste deis do dhaltaí iomlán leasa a bhaint as an Ghaeloideachas a fuair siad ar dtús sa bhunscoil.

Tréadchúram

Tá an Polasaí Frithbhulaíochta seo i gcoirílár Pholasaí Tréadchúraim foriomlán Choláiste Feirste nó gur mian linn atmaisféar a chruthú ina bhfuil cairdeas agus comhbhá bunaithe ar éirim mhothúchánach, caidrimh láidre agus cóimheas, atmaisféar inar féidir le daltaí foghlaim go héifeachtach agus forbairt iontu féin. Tá pobal scoile bríomhar ann a fheiceann gach páiste mar chuid de chlann na Gaeilge agus is mian leo freastal ar riachtanas gach duine acu. Cibé áit a dtéann siad sa tsaol, bíonn ár gcuid daltaí go fóill mar chuid de chlann Choláiste Feirste.

Comhairliúchán agus cumarsáid

Is i gcomhar le daltaí, tuismitheoirí agus foireann na scoile a dréachtadh Polasaí Frithbhulaíochta Choláiste Feirste.

Is ag an Leas-Phríomoide Tréadchúram, i gcomhar le Foireann Tréadchúraim Choláiste Feirste, atá freagracht fhoriomlán as comhairliú agus cur i bhfeidhm an Pholasaí Frithbhulaíochta.

Trí oiliúint cuirtear an fhoireann ar an eolas fá Pholasaí Frithbhulaíochta Choláiste Feirste.

Cuirtear daltaí ar an eolas fá Pholasaí Frithbhulaíochta Choláiste Feirste, trí thionóil, sa rang Saoránachta, trí phóstaeir ar fud na scoile, i nDialann an Dalta agus ar shuíomh gréasáin na scoile.

Cuirtear tuismitheoirí ar an eolas fá Pholasaí Frithbhulaíochta Choláiste Feirste i Réamheolaire na Scoile, ag oíche tuismitheoirí, i nDialann an Dalta agus ar shuíomh gréasáin na scoile.

Sainmhíniú ar Bhulaíocht

Is iomaí cineál bulaíochta ann lena n-áirítear

- baisteachán,
- tarcaisniú,
- magadh, agus rudaí a rá a ghoillfeadh ar dhuine;
- bagairt agus imeaglú;
- tosca a chruthú ina náirítear duine, nó a gcuirtear cuma amaideach air, nó a gcuirtear i dtrioblóid é;
- bob a bhualadh nó cleas a imirt ar dhuine;
- seileoga a chaitheamh,
- duine a bhualadh le dorn nó le cic;
- brú agus guailleáil agus bualadh in éadan duine 'de thaisme';
- earraí duine a chur i bhfolach, a thógáil nó damáiste a dhéanamh dóibh;
- daoine a fhágáil as grúpaí nó as cluichí nó as ócáidí sóisialta;
- ráflaí goilliúnacha bréige a spré fá dhuine
- Is léir go n-úsáidtear focail i roinnt mhaith de na cineálacha iompair seo.
- Is léir fosta, áfach, go bhfuil go leor acu neamhbhriathartha, agus go n-úsáidtear comharthaíocht choirp, gothaí agus gothaí gnúise.
- Uaireanta bíonn iompar neamhbhriathartha lán chomh goilliúnach bagrach le hiompar ina n-úsáidtear focail.

Ní hionann **cibearbhulaíocht** agus cineálacha eile tromaíochta. Féadann sé tarlú am ar bith agus teacht isteach in áiteanna a bhí sábhailte roimhe seo, sa bhaile, mar shampla. Is féidir teagmháil le lucht éisteachta an-mhór i ngearraimsir. Seans nach bhfuil an bulaí san áit cheannann chéanna leis an sprioc agus go ndéanfaidh sé iarracht gan a ainm a chur in iúl. Is féidir mórán eachtraí cibearbhulaíochta a úsáid mar fhianaise agus is tábhachtach i ngach cás an fhoireann agus tuismitheoirí bheith ábalta déileáil le heachtraí. Tá eolas agus tacaíocht ar shábháilteacht ar an idirlíon le fáil i bpolasaí ríomhshábháilteachta na scoile.

Cineálacha cibearbhulaíochta

- Teachtaireachtaí téacs
- Bulaíocht le pictiúr/ gearrthóg físe le ceamaraí ar ghutháin phóca
- Bulaíocht trí scairt ghutháin (scairteanna maslacha)
- Bulaíocht trí ríomphost
- Bulaíocht i seomra comhrá
- Bulaíocht trí Theachtair Meandrach (comhráite fíor-ama ar líne)

Nósanna imeachta le déileáil le heachtraí bulaíochta, lena n-áirítear teagmháil le tuismitheoirí agus le gníomhaireachtaí seachtracha

Léi féin a dhéileálar le gach cás bulaíochta agus ina dhiaidh sin socraítear beart a fhóireann do riachtanais na ndaltaí atá i gceist. Seo na céimeanna a ghlactar.

1. Eachtra a thuairisciú

Nuair a thuairscítear eachtra bulaíochta cuirtear an t-eolas chuig: Múinteoir Foirme an pháiste atá i gceist
Ceann Bliana páiste ar bith atá i gceist
Bainisteoir na hEochairchéime
An Leas-Phríomhoide do Thréadchúram

2. Imscrúdú ar eachtra

Cuimhnigh nach dtig leis an scoil gníomhú ach nuair a bhíonn a fhios aici go bhfuil fadhb ann agus tá sé tábhachtach a thuigbheáil ó thús go gceistítear gach dalta a bhfuil baint dá laghad aige leis an eachtra, déantar sin leis na fíricí a chinntiú. Tá de pholasaí againn gan duine a lochtú go gcríochnaítear imscrúdú iomlán agus go mbíonn na fíricí uilig ar eolas.

De ghnáth is é Ceann Bliana an pháiste atá i gceist a dhéanann an t-imscrúdú i gcomhar le múinteoir ar bith ranga lena mbaineann an cás.

Cuirtear agallamh ar na daltaí a bhí páirteach agus déantar taifead de na freagraí acu trí úsáid a bhaint as an Fhoirm Thaifeadta Um Eachtraí Bulaíochta Líomhnaithe (Foirm Thaifeadta Aguisín 1)

Insítear do thuismitheoirí gach dalta a bhí páirteach fán rud atá déanta ag an scoil go dtí seo agus coinnítear ar an eolas iad fá bheartas ar bith ina dhiaidh seo.

3. Comhaontú ar phlean le cás a réiteach

Oibríonn an Ceann Bliana leis na daltaí a bhí páirteach le plean a chur i gceann a chéile leis an achrann a réiteach. Cuirtear sa phlean seo spriocanna le haghaidh dea-iompair agus leagann sé amach céimeanna tacaíochta a chuirtear ar fáil do na daltaí sin. (Foirm um Plean Gníomhaíochta Aguisín 1)

Más gá aon ghníomh smachtaithe úsáidtear an córas smachtbhannaí atá leagtha amach i bpolasaí smachta na scoile.

4. Athbhreithniú ar an chás

Déantar monatóireacht agus athbhreithniú fhoirmiúil ar an chás taobh istigh de mhí i ndiaidh na chéad tuairisce.

Is é an Ceann Bliana a dhéanann sin i gcomhar leis na múinteoirí, daltaí agus tuismitheoirí lena mbaineann sé.

5. Páirt a bheith ag gníomhaireachtaí eile i soláthar tacaíochta

Nuair is gá, baineann an scoil leas as tacaíocht ó réimse de ghníomhaireachtaí seachtracha lena n-áirítear Oifigeach Leasa Oideachais, Foireann Bainistithe Iompair agus Seirbhís Shíceolaíocht Oideachais. Níos minice ná a mhalairt, déileálann an scoil leis an chás ar a conlán féin. Más léir, áfach, ag céim 3 nó 4 go bhfuil cuidiú seachtrach de dhíth, iarrann sí sin gan mhoill.

Leibhéal idirghabhála

Cur chuige de réir leibhéal atá ag Coláiste Feirste mar atá leagtha amach ag Fóram Frithbhulaíochta TÉ.

Tá na leibhéil ar chéimeanna ó 1 – Bulaíocht íseal-leibhéil, a fhad le 4 – Bulaíocht thromchuisseach.

(Féach Aguisín 3 Leibhéal Idirghabhála)

Curaclam, Teagasc agus Measúnú

Tá Coláiste Feirste tiomanta do churaclam frithbhulaíochta choisctheach a sholáthar a chuimsíonn réimse leathan ábhar, curaclam a spreagann feasacht, a chuireann in aghaidh drochiompair agus steréitíopála, agus a cheiliúrann go gníomhach éagsúlacht agus cuimsiú.

Monatóireacht agus Measúnu

Geallann Coláiste Feirste i gcomhar lena ghobharnóirí, lena fhoireann, lena dhaltáí agus lena thuismitheoirí go ndéanfaidh sí athbhreithniú ar an Pholasáí Frithbhulaíochta gach dara bliain agus go gcuirfidh sí san áireamh athruithe ar bith sa dlí sa tsochaí nó sa timpeallacht.

Aguisín 1

Foirm Mheasúnaithe um Imní faoi Bhulaíocht Cuid 1 Measúnú ar an Ábhar Imní Dáta_____

Ainm:

Duine/Daoine a thuairiscigh an t-ábhar imní :-

Rang:

Ainm an dalta/na spriocdhaltaí

Ainm an daltaí/na ndaltaí a ghlac páirt

Duine aonair le duine aonair 1:1. Duine aonair le Grúpa. Grúpa le duine aonair. Grúpa le grúpa

Cineál eachtra agus Téama (má bhaineann sin leis):

Bulaíocht fhisiciúil (lena n-áirítear guailleáil, imeaglú fhisiciúil , cur isteach ar earraí duine , bualadh le dorn/cos, teagmháil fhisiciúil ar bith eile agus úsáid airm san áireamh)

Bulaíocht ó bhéal (lena n-áirítear baisteachán, maslaí, scéalta grinn, bagairtí , ráflaí a scaipeadh)

Bulaíocht indíreach (lena n-áirítear aonaránú, diúltú obair/caint/imirt/cuidiú le daoine eile)

Míchumas (baineann seo le míchumas atá ann nó a shíltear atá ann)

Cibear (tríd an teicneolaíocht mar ghutháin phóc a agus an t-idirlíon)

Homafóbach (baineann seo le gnéaschlaonadh atá ag duine nó a shíltear atá aige)

Ciníoch (baineann seo le dath craicinn, cultúr agus reiligiún)

Seicteach (baineann seo le reiligiún duine agus/nó dearcadh polaitiúil)

Eile_____

An dtarlaíonn an t-iompar seo go leanúnach/ níos mó ná uair amháin? Tarlaíonn/Ní tharlaíonn. An bhfuil sé dírithe ar sprioc? Tá / Níl An bhfuil éagothroime cumhachta ann? Tá/Níl An ndéantar d'aonturas é le duine a ghortú? Déantar/Ní dhéantar An bhfuil an eachtra seo ag teacht le sainmhíniú comhaontaithe na scoile ar bhulaíocht? Tá / Níl

Cuir síos ar an eachtra/na heachtraí: Ceangail gach cuntas scríofa/ tarraingthe den eachtra/na heachtraí a rinne an dalta, finnéithe (i.e. daltaí eile, foireann) lena n-áirítear dáta(i) na heachtra/na n-eachtraí, más eol, taifead SIMS.

Seiceáil taifid le teacht ar eachtraí a taifeadadh roimhe.

CUID 2 – Mionsonraí na n-idirghabhálacha a chuirfear i bhfeidhm mar fhreagra

2.1 DALTA(Í) A NDEARNADH BULAÍOCHT AIR:

FÉACH LEIBHÉAL 1-4 IDIRGHABHÁLACHA

CUIR SÍOS AR AN BHEART/TACAÍOCHT A CHUIRFEAR I BHFEIDHM

Tabhair mionsonraí ar an leibhéal agus ar an chineál idirghabhála le:
piarghrúpa _____

rang iomlán _____

Tacaíocht/monatóireacht leanúnach a sholáthróidh _____ (gach
lá, gach seachtain

_____ (ball foirne ainmnithe) agus a
athbhreithneoidh go foirmiúil _____ (dáta)

An bhfuil an tuismitheoir/ na tuismitheoirí ar an eolas/ páirteach sa phróiseas? Tá /
Níl (Tabhair sonraí)

An ndearnadh atreorú chuig gníomhaireachtaí eile- Má rinneadh
sonraigh _____

Mionsonraí eile (sonraigh) _____

**2.2 DALTA(Í) ATÁ AG DÉANAMH BULAÍOCHTA:
FÉACH LEIBHÉAL 1-4 IDIRGHGHABHÁLACHA
CUIR SÍOS AR AN BHEART/TACAÍOCHT A CHUIRFEAR I BHFEIDHM**

Tabhair mionsonraí ar an leibhéal agus ar an chineál idirghabhála le:
piarghrúpa _____
rang _____
iomlán _____

Tacaíocht/ monatóireacht a sholáthróidh _____ (gach lá/
gach seachtain _____ (ball,foirne ainmnithe)

An bhfuil an tuismitheoir/ na tuismitheoirí ar an eolas/ páirteach sa phróiseas?
Tá/ Níl/ (Tabhair sonraí)

An ndearnadh atreorú chuig gníomhaireachtaí eile (sonraigh)

Beart ar bith eile (sonraigh)

Fionraí

Díbirt

Eile (sonraigh)

Aguisín 2 TÁBLAÍ IDIRGHABHÁLA

Leibhéal 1 – Bulaíocht Íseal-leibhéil

Dalta atá ag déanamh bulaíochta	An Curaclam Tréadchúraim	Idirghabhálacha	Spriocdhalta	Sprioc-idirghabháil
<p>Nuair a dhéantar measúnú ar bhulaíochta agus nuair a shíltear nach bhfuil sé tromchúiseach nó gur tharla sé don chéad uair roghnaítear ceann de na hidirghabhálacha seo atá i Leibhéal 1</p> <p>Mura bhfuil an dalta ag iarraidh athrú is féidir é a chur ar CC Céim 1 (Taifead Imní). Is gá an cinneadh a chur in iúl do thuismitheoirí/ do chúramóirí.</p>	<p>Roghnaítear cuir chuige iomlán ranga mar am ciorcail le ceisteanna fá bhulaíocht a phlé agus réitigh a lorg ar dhóigh neamhbhagrach le go nglactar le tuairimí go measúil urramach. Is fearr a fhóireann straitéisí iomlán ranga atá pleanáilte, tráthchlárúithe agus curtha i bhfeidhm in FPCT: (Forbairt Phearsanta agus Comhthuisicint) / FSO (Foghlaim don Saol agus don Obair), ceachtanna Saoránachta www.ccea.org.uk/</p>	<p>SCRIPTEANNA: a úsáidtear le daltaí aonair</p> <p>Script ar Mheas ar Chearta: Tugann seo le fios don dalta atá ag déanamh bulaíochta go bhfuil sé de cheart ag gach duine a bheith sábháilte.</p> <p>Script ar Rialacha a Chuimhneamh: Cuireann seo i gcuimhne don dalta atá ag déanamh bulaíochta cad é an riail atá briste aige.</p> <p>Plé Ionchais: Seo script neamhchoimhlinteach a thugann ar an dalta gealladh go mbeidh iompar mar is cóir aige agus go mbeidh sé níos freagraí as a iompar feasta.</p> <p>IDIRGHABHÁLACHA TRÍ AGALLAIMH DUINE LE DUINE</p> <p>Cuirtear i gcuimhne go foirmiúil don dalta go bhfuil sé ag déanamh dochair do dhuine eile leis an bhulaíocht agus gur drochthoradh a bheidh léi. Ar an dóigh sin bítear ag dúil go n-athróidh sé béasaí.</p> <p>Ceisteoireacht Aisiríoch: Tá na cúig cheist sheicheamhacha, fhéinmhachnamhacha, aisairíocha ina chuidiú ag an dalta atá ag déanamh bulaíochta freagracht a ghlacadh as a iompar agus rud éigin cuí a dhéanamh le tús a chur le cúiteamh. Tugtar tacar lannaithe don fhoireann/ do mhaoir le go ndéantar bainistíocht ar eachtraí bulaíochta ar dhóigh leanúnach.</p> <p>Is Fiú Athmhachnamh: Mar gheall ar an phróiseas forbraíonn daltaí freagraí a fhóireann do réimse cásanna trí mhachnamh a dhéanamh ar eachtraí, smaointe, iompar agus iarmhairtí.</p> <p>Plé comhroinnte: Cúig chéim atá san idirghabháil seo. Cuirtear iarmhairtí a dhrochiompair in iúl don dalta agus tugtar air cinneadh ar an rud a dhéanfaidh sé feasta fána iompar.</p> <p>Bileog Plé in Am Machnaimh: Tríd an bhileog a chomhlánadh bíonn deis ag an dalta machnamh ar a dhrochiompar; teacht ar réiteach ar an chás agus gníomhú dá réir. Dá thoradh sin a dhéantar plean iompair.</p>	<p>Is ábhar imní íseal-leibhéil a oiread a ghoilleann an drochiompar ar an dalta. Is beag eile atá de dhíth agus is beag an chontúirt ag an am seo.</p>	<p>- Comhrá neamhfhoirmiúil le go n-aithneoidh an dalta dóigheanna leis an chás atá ann a réiteach.</p> <p>- Tacaíocht tuismitheora má shíltear go bhfóireann sin ag an am seo.</p> <p>- Má tá tacaíocht éifeachtach idirghabhála ar fáil féadann an dalta sin a úsáid.</p> <p>Déanann an múinteoir ranga/bliana monatóireacht agus athbhreithniú ar an chás.</p>

Leibhéal 2 – Bulaíocht ag Leibhéal Idirmheánach

Dalta atá ag déanamh bulaíochta	An Curaclam Tréadchúram	Idirghabhálacha	Spriocdhalta	Spriocidirghabháil
<p>I ndiaidh measúnú má leantar den drochiompar agus má shíltear é a bheith níos measa, roghnaítear ceann/ cuid de na hidirghabhálacha i Leibhéal 2 a fhéadann a bheith mar chuid de Phlean Tacaíochta Um Iompar Duine Aonair. Mura bhfuil an dalta ag iarraidh athrú, tá de rogha ag an scoil an dalta a chur ar CC Céim 2.</p> <p>Is gá an cinneadh a chur in iúl do na daoine a thugann an tacaíocht.</p>	<p>Roghnaítear cuir chuige iomlán ranga mar am ciorcail le ceisteanna fá bhulaíocht a phlé agus réitigh a lorg ar dhóigh neamhbhagrach le go nglactar le tuairimí go measúil urramach. Is fearr a fhóireann straitéisí iomlán ranga atá pleanáilte, tráthchlárú agus curtha i bhfeidhm in: FPCT/FSO</p> <p>Ceachtanna Saoránachta www.ccea.org.uk/</p>	<p>IDIRGHABHÁLACHA I NGRÚPAÍ BEAGA</p> <p>Suas le 6-8 dalta atá toilteanach páirt a ghlacadh a thagann le chéile go rialta d'fhonn athrú a thabhairt ar iompar an pháiste atá ag déanamh bulaíochta. Caithfidh an t-íobartach aontú air sin. Is gá cur in iúl do thuismitheoirí/ chúramóirí na ndaltaí a ghlacann páirt. Is gá taifead cruinn a choinneáil do na cruinnithe le gur féidir monatóireacht rialta a dhéanamh ar na torthaí. Is fearr a oibríonn na hidirghabhálacha seo má bhíonn an fhoireann oile.</p> <p>Ciorcail Cháilíochta: Deonaíonn daoine bualadh le ball foirne go rialta d'fhonn díriú ar thopaic ar leith a bhaineann le bulaíocht, mar chiníochas, homaíóibe, eisiámh etc. Agus forbraíonn siad, molann siad, agus cuireann siad i láthair réitigh don Fhoireann Bainistíochta Sinsear. Déanann siadsan réiteach/réitigh a chur i bhfeidhm agus a luacháil.</p> <p>MODH AN GHRÚPA TACAÍOCHTA</p> <p>Seacht gcéim atá sa chur chuige seo, cur chuige atá rannpháirtíoch agus a thacaíonn leis an sprioc, a nglacann daoine páirt go deonach ann, daoine ó phiarghrúpa an dalta atá ag déanamh bulaíochta agus ó phiarghrúpa an spriocdhalta agus tá de chuspóir aige iompar an duine atá ag déanamh bulaíochta agus iompar na ndaoine atá i gcomhpháirt leis a athrú. Is cosúil sin le ham ciorcail tráthchlárú ranga ach nach ionann an dá rud.</p> <p>Grúpa Tacaíochta Dírithe ar Réiteach Plean Tacaíochta le haghaidh Iompar an Duine Aonair (CC Céim 2/CRSO)</p>	<p>Is mó an t-ábhar imní a oiread a ghoilleann an bhulaíocht ar an dalta. Tá níos mó de dhíth agus is mó an chontúirt ag an chéim seo.</p>	<p>Cruinníú le:</p> <ul style="list-style-type: none"> - Comhthoilíú an íobartaigh a fháil le go bpléitear an cás lena phiaráí gan é bheith i láthair. - aischothú a fháil ar thorthaí na hidirghabhála. - Scileanna a chomhaontú le déileáil le deacrachtaí, agus na scileanna sin a theagasc agus a chleachtadh (e.g. Leathaontú). - Tógáil Nirt Plean don Dalta - Más ann do chlár tacaíochta oile éifeachtach le haghaidh Cara-Idirghabháil/Piar-idirghabháil agus má úsáidtear é déantar sin a thaifead agus déantar athbhreithniú ar na torthaí.

Leibhéal 3 – Bulaíocht Thromchúiseach

Dalta atá ag déanamh bulaíochta	An Curaclam Tréadchúraim	Idirghabhálacha: A chomhordaíonn an Comhordaitheoir Tréadchúraim /Comhairle CRSO /Tacaíocht Oifigeach BLO	Spriocdhalta	Spriocidirghabháil
<p>I ndiaidh measúnú mas rud é go bhfuil an bhulaíocht níos tromchúisí agus/nó más doiligh í a athrú. Tá mórán riachtanas eile ag an dalta agus tuilleadh contúirtí ann.</p>	<p>Roghnaítear cuir chuige iomlán ranga mar am ciorcail le ceisteanna a phlé fá bhulaíocht agus réitigh a lorg ar dhóigh neamhbhagrach le go nglactar le tuairimí go measúil urramach. Is fearr a fhóireann straitéisí iomlán ranga atá pleanáilte, tráthchlárarithe agus curtha i bhfeidhm in: FPCT / FSO Ceachtanna Saoránachta www.ccea.org.uk/</p>	<p>IDIRGHABHÁIL LE DUINE AONAIR Monatóireacht a dhéanann ball foirne ar leith. Cláir um Iompar a Bhainistiú, lena n-áirítear Plean Iompair do Dhuine Aonair (tacaíocht agus neartú), beartú spriocanna le dreasachtaí agus iarmhairtí. Meantóireacht Shóisialta agus Mhothúchánach a dhéanann ball ainmnithe den fhoireann. Cláir Aonair um fholláine nirt agus fholláine mhothúchánach a chothú e.g: Réiteach achrainn Comhráite dírithe ar réiteach Oiliúint le haghaidh ionbhá, bainistíocht giúmair, láimhseáil feirge Piarthacaíocht/cairdeas a dhéanamh/meantóireacht/idirghabháil. Modh an Chomhchúraim (PIKAS) agallamh.</p> <p>RÓL TUISMITHEOIRÍ Ag an leibhéal seo, is dócha go ndearnadh teagmháil le tuismitheoir(i) cheana féin agus go bhfuil siad ag obair i gcomhpháirt leis an scoil agus/nó le gníomhaireachtaí seachtracha le go n-athróidh cúrsaí.</p> <p>TUILLEADH COMHAIRLE/TACAÍOCHTA Ó SHEIRBHÍSÍ BLO AGUS GNÍOMHAIREACHTAÍ SEACHTRACHA Seirbhís Comhairleoireachta Neamhspleách do Scoileanna. Cruinnithe Aisiríocha. Déantar teagmháil leis an BLO cúí.</p>	<p>Dalta a ngoilleann an bhulaíocht go mór air. Ta mórán riachtanas eile ag an dalta agus tuilleadh contúirtí ann.</p>	<p>Obair leis an Duine Aonair - Déanann ball foirne ar leith monatóireacht. - Plean Tacaíochta do Dhuine Aonair le haghaidh cláir aonair um fholláine nirt agus fholláine mhothúchánach a chothú. - Piarthacaíocht/meantóireacht agus cairdeas a dhéanamh/idirghabháil. - Modh an Ghrúpa Tacaíochta. - agallamh PIKAS .</p> <p>RÓL TUISMITHEOIRÍ Ag an leibhéal seo, is dócha go ndearnadh teagmháil le tuismitheoir(i) cheana féin agus go bhfuil siad ag obair i gcomhpháirt leis an scoil agus/nó le Gníomhaireachtaí Seachtracha le go n-athróidh cúrsaí.</p> <p>Tuilleadh comhairle/tacaíochta ó Sheirbhísí BLO agus Gníomhaireachtaí Seachtracha An gá don tuismitheoir dul i gcomhairle le DT fán leanbh?</p>

Leibhéal 4 – Bulaíocht Fhíorchontúirteach

Dalta atá ag déanamh bulaíochta	An Curaclam Tréadchúraim	Idirghabhálacha: A chomhordaíonn an Comhordaitheoir Tréadchúraim/CRSO/ Múinteoir Ainmnithe le haghaidh Cosaint Leanaí. Comhairle/Tacaíocht ón Oifigeach BLO	Spriocdhalta	Sprioc-idirghabháil
Tá imní mhór fán dalta maidir le meabhairshláinte, coiriúlacht agus/nó imní fá choiriúlacht nó fá chosaint leanaí	Roghnaítear cuir chuige iomlán ranga mar am ciorcail le ceistanna a phlé fá bhulaíocht agus le réitigh a lorg ar dhóigh neamhbhagrach le go nglactar le tuairimí go measúil urramach. Is fearr a fhóireann straitéisí iomlán ranga atá pleanáilte, tráthchláraithe agus curtha i bhfeidhm in: FPCT / FSO Ceachtanna Saoránachta lessons www.ccea.org.uk/	A chomhordaíonn an Comhordaitheoir Tréadchúraim/CRSO/ Múinteoir Ainmnithe le haghaidh Cosaint Leanaí. Comhairle/Tacaíocht ón Oifigeach BLO A chomhordaíonn an Comhordaitheoir Tréadchúraim/CRSO/ Múinteoir Ainmnithe le haghaidh Cosaint Leanaí. Comhairle/Tacaíocht ón Oifigeach BLO Cuirtear an cas faoi bhráid na ngníomhaireachtaí imscrúdaitheacha cuí: SPTÉ (PSNI) lontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta Foirne Gateway. Féach Polasaí Smachta na scoile agus an scéim ata aici le daltaí a chur ar fionraí nó a dhíbirt.	Tá imní mhór fán dalta maidir le meabhairshláinte nó imní fá choiriúlacht nó fá chosaint leanaí.	Cuirtear an cas faoi bhraid na ngníomhaireachtaí imscrúdaitheacha cuí: SPTÉ lontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta Gateway